2024/3083

5.12.2024

# CINNEADH (AE) 2024/3083 ÓN gCOIMISIÚN

## an 4 Nollaig 2024

## lena leagtar síos an Cód Dea-iompraíochta Riaracháin faoi chomhair Fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh agus iad ag plé leis an bpobal

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 249(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart chun dea-riaracháin cumhdaithe in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus aithníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur prionsabal ginearálta é de chuid dhlí an Aontais.

(2) Le hAirteagal 298(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, foráiltear go mbeidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcúraimí á gcomhall acu, riarachán Eorpach a bheidh oscailte, éifeachtach agus neamhspleách.

(3) Cuid ríthábhachtach de mhisean an Choimisiúin freastal ar leas an phobail is ea a bheith ag plé leis an bpobal. Tá an Coimisiún tiomanta do luachanna na seirbhíse agus do na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh na heitice gairmiúla de. Leis an gCód Dea-iompraíochta Riaracháin faoi chomhair Fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh agus iad ag plé leis an bpobal (an 'Cód Dea-iompraíochta Riaracháin'), cuirtear na luachanna sin chun feidhme.

(4) Is cuidiú atá sa Chód Dea-iompraíochta Riaracháin maidir lena áirithiú go gcuireann foireann an Choimisiúin prionsabail an dea-riaracháin i bhfeidhm gach lá agus iad ag plé leis an bpobal. Leagtar amach ann na prionsabail lena dtreoraítear iompraíocht riaracháin fhoireann an Choimisiúin, iad seo a leanas, cuir i gcás – an dlíthiúlacht, an neamhspleáchas, an neamh-idirdhealú agus an chóir chomhionann, an chomhréireacht, an chomhsheasmhacht, an neamhchlaontacht, an oibiachtúlacht agus láimhseáil phras fiosrúchán ón bpobal.

(5) Ghlac an Coimisiún an Cód Dea-iompraíochta Riaracháin in 2000, ionas go ndearnadh iarscríbhinn a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin de ([1]).

(6) Ba cheart an Cód Dea-Iompraíochta Riaracháin a ghlacadh mar chinneadh ón gCoimisiún as féin, chun go mbeidh sé níos feiceálaí, agus chun gur fusa a bheidh sé é a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin.

(7) Foráiltear faoi láthair le Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin ([2]), in Airteagail 46 agus 70 faoi seach, go ngníomhóidh foireann an Choimisiúin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Chód Dea-iompraíochta Riaracháin agus nach iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta atá sa Chód sin a thuilleadh.

(8) Ba cheart an Cód Dea-iompraíochta Riaracháin a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeidh sé ag teacht le hathruithe atá tagtha ar dhlí an Aontais agus ar mhodhanna cumarsáide,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar an Cód Dea-iompraíochta Riaracháin faoi chomhair Fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh agus iad ag plé leis an bpobal, a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin C(2000) 3614 an 29 Samhain 2000 (IO L 308, 8.12.2000, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/proc_rules/2000/3614/oj).
([2]) Cinneadh (AE) 2024/3080 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin agus lena leasaítear Cinneadh C(2000) 3614 (IO L, 2024/3080, 5.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3080/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**AN CÓD DEA-IOMPRAÍOCHTA RIARACHÁIN FAOI CHOMHAIR FHOIREANN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH AGUS IAD AG PLÉ LEIS AN bPOBAL**

## Seirbhís ardcháilíochta

Tá dualgas ar an gCoimisiún agus ar a fhoireann fónamh do leas an Aontais agus, ar an dóigh sin, do leas an phobail.

Bíonn an pobal ag súil le seirbhís ardcháilíochta agus le riarachán atá oscailte inrochtana agus a reáchtáiltear i gceart, agus tá sé de cheart acu a bheith ag súil leis an méid sin.

Chun seirbhís ardcháilíochta a áirithiú, ní mór don Choimisiún agus dá fhoireann a bheith cúirtéiseach, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

## Cuspóir

Chun na hoibleagáidí atá air maidir le dea-iompraíocht riaracháin a chomhlíonadh, go háirithe agus é ag plé leis an bpobal, geallann an Coimisiún go n-urramóidh sé na caighdeáin maidir le dea-iompraíocht riaracháin a leagtar amach sa Chód seo, agus gurb iad a threoróidh a chuid oibre ó lá go lá.

## Raon feidhme

Beidh an Cód seo ina cheangal ar gach ball foirne a chumhdaítear le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ('na Rialacháin Foirne') agus le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ([1]) agus iad ag plé leis an bpobal. Ina theannta sin, is é an Cód seo a threoróidh na daoine seo a leanas agus iad ag plé leis an bpobal – baill foirne arna bhfostú faoin dlí náisiúnta, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, oiliúnaithe, soláthraithe seirbhíse agus cuairteoirí eolaíocha.

Is leis na Rialacháin Foirne agus le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus leo sin amháin, a rialaítear an caidreamh idir an Coimisiún agus a fhoireann.

### 1. Prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin

Urramaíonn an Coimisiún na prionsabail ghinearálta seo a leanas agus é ag plé leis an bpobal:

*Dlíthiúlacht*

Gníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir leis an dlí agus cuireann sé i bhfeidhm na rialacha agus na nósanna imeachta atá i ndlí an Aontais.

*Neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann*

Urramaíonn an Coimisiún prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus go háirithe, ráthaíonn sé an chóir chomhionann do mhuintir an phobail gan beann ar náisiúntacht, gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creidimh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Dá bhrí sin, ní mór údar cuí a thabhairt le difríocht maidir leis an gcaoi a gcaitear le cás amháin le hais cásanna eile den chineál céanna, de réir gnéithe ábhartha an cháis atá idir lámha.

*Comhréireacht*

Áirithíonn an Coimisiún go bhfuil na bearta a dhéantar comhréireach leis an aidhm atá á saothrú.

Go háirithe, áirithíonn an Coimisiún nach bhforchuirfear choíche, de thoradh an Cód seo a chur i bhfeidhm, ualaí riaracháin ná buiséadacha nach bhfuil comhréireach leis an tairbhe a mheastar a bheidh ann.

*Comhsheasmhacht*

Beidh comhsheasmhacht ag baint le hiompar riaracháin an Choimisiúin, agus cloífear leis an ngnáthchleachtas maidir leis an iompar sin. Ní mór údar cuí a thabhairt le haon eisceacht ón bprionsabal seo.

([1]) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) ón gComhairle lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20240101).

2. **Treoirlínte maidir leis an dea-iompraíocht riaracháin**

*Oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht*

Gníomhóidh baill foirne go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta i gcónaí, ar mhaithe le leas an Aontais agus leis an bpobal. Gníomhóidh siad go neamhspleách faoi chuimsiú an bheartais arna shocrú ag an gCoimisiún agus ní threoróidh leas pearsanta ná náisiúnta ná brú polaitiúil a n-iompraíocht choíche.

*Faisnéis faoi nósanna imeachta riaracháin*

I gcás ina mbeidh gá ag duine den phobal le faisnéis i ndáil le nós imeachta riaracháin de chuid an Choimisiúin, áiritheoidh an fhoireann go soláthrófar an fhaisnéis sin faoin sprioc-am atá socraithe maidir leis an nós imeachta lena mbaineann.

3. **Faisnéis faoi chearta páirtithe leasmhara**

*Éisteacht a thabhairt do na páirtithe ar fad a bhfuil leas díreach acu*

I gcás ina bhforáiltear i ndlí an Aontais go bhfuil éisteacht le tabhairt do pháirtithe leasmhara, áiritheoidh an fhoireann go dtabharfar deis dóibh a gcuid tuairimí a chur in iúl.

*Dualgas a lua cé na cúiseanna ar a bhfuil cinntí bunaithe*

I gcinntí ón gCoimisiún, luafar go soiléir na cúiseanna ar a bhfuil na cinntí sin bunaithe agus cuirfear iad sin in iúl do na páirtithe leasmhara.

Mar riail ghinearálta, tabharfar ráiteas maidir leis na cúiseanna atá le cinntí. Mar sin féin, féadfar freagraí caighdeánacha a thabhairt mura féidir na forais ar a ndearnadh cinntí aonair a chur in iúl go mion, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh mar gheall ar bhaint a bheith ag cinntí comhchosúla le líon mór daoine, cuir i gcás. Cuimseofar sna freagraí caighdeánacha sin na príomhchúiseanna a ndearnadh an cinneadh áirithe a rinneadh. Thairis sin, aon pháirtí leasmhar a iarrfaidh ráiteas mionsonraithe maidir le cúiseanna go sainráite, tabharfar sin dó.

*Dualgas na féidearthachtaí achomhairc a shonrú*

I gcásanna ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí an Aontais, luafar go soiléir i gcinntí faoina dtugtar fógra gur féidir achomharc a dhéanamh agus tabharfar tuairisc ar an gcaoi ar féidir achomharc a thaisceadh (ainm, seoladh poist agus seoladh ríomhphoist) leis an tseirbhís ar léi a chaithfear an t-achomharc a thaisceadh, agus ar an sprioc-am faoina gcaithfear an t-achomharc a thaisceadh).

I gcás inarb ábhartha, déanfar tagairt i gcinntí don fhéidearthacht tús a chur le himeachtaí breithiúnacha i gcomhréir le hAirteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus/nó gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4. **Déileáil le fiosrúcháin**

Geallann an Coimisiún go bhfreagróidh sé fiosrúcháin ón bpobal ar an mbealach is iomchuí is féidir, agus é sin a dhéanamh gan mhoill.

*Iarrataí ar dhoiciméid*

Na rialacha maidir le rochtain ar dhoiciméid, tá siad cumhdaithe i rialacha sonracha ([2]), a mbeidh feidhm iomlán acu faoin roinn seo.

*Comhfhreagras*

Chun críocha an Chóid seo, is éard a chiallóidh an téarma 'comhfhreagras' idir litreacha agus phost leictreonach a sheoltar chuig an gCoimisiún.

([2]) Lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj), agus na Rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, rialacha arb iarscríbhinn iad a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin (IO L, 2024/3080, 5.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3080/oj).

I gcomhréir le hAirteagal 24 agus Airteagal 20(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is í teanga an chomhfhreagrais féin a úsáidfidh an Coimisiún agus iad ag tabhairt freagra ar an gcomhfhreagras sin, fad agus gur i gceann de na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a scríobhadh é.

Mura sonraítear a mhalairt sna forálacha sonracha is infheidhme sa réimse lena mbaineann, comhfhreagras a sheolfar chuig an gCoimisiún, tabharfar freagra air faoi cheann 15 lá oibre i ndiaidh an dáta a gheobhaidh an tseirbhís atá freagrach as an ábhar an comhfhreagras. Sainaithneofar sa fhreagra an tseirbhís atá freagrach agus luafar conas is féidir dul i dteagmháil léi (ainm, seoladh poist agus seoladh ríomhphoist).

Mura féidir freagra a sheoladh faoi cheann 15 lá oibre, agus i ngach cás inar gá obair bhreise a dhéanamh ar an bhfreagra, comhairliúchán idirsheirbhíse nó aistriúchán cuir i gcás, seolfaidh an tseirbhís atá freagrach freagra fóille ina luafar dáta faoina bhféadfaidh an seolaí a bheith ag súil le freagra a fháil i bhfianaise na hoibre breise sin, agus de réir na práinne agus na castachta a bhaineann leis an gceist áirithe sin.

Más ag seirbhís eile seachas an tseirbhís chuig ar díríodh an comhfhreagras tosaigh atá an freagra le tarraingt suas, déanfar ainm, seoladh poist agus seoladh ríomhphoist na seirbhíse ar tarchuireadh an comhfhreagras chuici a chur in iúl don duine atá ag déanamh an fhiosrúcháin.

Ní bheidh feidhm ag na rialacha sin maidir le comhfhreagras ar féidir a mheas go réasúnta gur comhfhreagras míchuí é, toisc é a bheith athráiteach, maslach agus/nó fánach, mar shampla. I gcásanna den sórt sin, coimeádann an Coimisiún an ceart aige féin scor de mhalartú comhfhreagrais den chineál sin.

*Cumarsáid teileafóin*

Agus an teileafón á fhreagairt, cuirfidh baill foirne iad féin nó an tseirbhís lena mbaineann siad in aithne. Glaofaidh siad ar ais a thúisce agus is féidir.

Agus baill foirne ag tabhairt freagra ar fhiosrúcháin, soláthróidh siad faisnéis faoi na hábhair a bhfuil siad freagrach astu go díreach agus díreoidh siad an glaoiteoir chuig an bhfoinse shonrach is iomchuí i gcásanna eile. Más gá, rachaidh siad i gcomhairle leis an oifigeach atá os a gcionn sula soláthróidh siad an fhaisnéis nó cuirfidh siad glaoiteoirí i dtreo an oifigigh sin.

I gcás ina mbaineann fiosrúcháin le réimsí a bhfuil baill foirne freagrach astu go díreach, seiceálfaidh siad ar cuireadh an fhaisnéis ar fáil go poiblí cheana féin sula soláthróidh siad í. Murab amhlaidh gur cuireadh, féadfaidh an ball foirne a mheas, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhairle leis an oifigeach atá os a chionn, nach chun leasa an Aontais é an fhaisnéis a nochtadh. Sa chás sin, míneoidh an ball foirne cén fáth nach bhféadfadh sé an fhaisnéis a nochtadh agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé tagairt don oibleagáid discréid a fheidhmiú, oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne.

I gcásanna inarb iomchuí, iarrfaidh baill foirne dearbhú i scríbhinn maidir le fiosrúcháin a rinneadh ar an teileafón.

*Iarrataí ó na meáin*

Is í Seirbhís Urlabhraí an Choimisiúin atá freagrach as teagmháil leis na meáin. Mar sin féin, féadfaidh baill foirne freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis i leith ábhair theicniúla a bhaineann leis an réimse sonrach a bhfuil siad féin freagrach as.

## 5. **Cosaint sonraí pearsanta agus faisnéise íogaire**

Urramóidh an Coimisiún agus a fhoireann na nithe seo a leanas, go háirithe:

— na rialacha maidir le cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta;

— na rialacha slándála maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe AE agus faisnéise íogaire neamh-rúnaicmithe AE;

— na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le rúndacht ghairmiúil;

— na rialacha maidir le rúndacht le linn imscrúduithe coiriúla;

— rúndacht ábhar atá laistigh de raon feidhme na gcoistí agus na gcomhlachtaí éagsúla dá bhforáiltear in Airteagal 9 de na Rialacháin Foirne, agus in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leo.

6. **Gearáin**

*An Coimisiún Eorpach*

Féadfar gearáin i dtaca le sárú féideartha ar na prionsabail a leagtar amach sa Chód seo a thaisceadh go díreach le hArdrúnaíocht [3] an Choimisiúin Eorpaigh, agus cuirfidh an Ardrúnaíocht ar aghaidh chuig an tseirbhís ábhartha iad.

Tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir nó Ceann na Seirbhíse freagra i scríbhinn ar aon ghearán den chineál sin faoi cheann 2 mhí. Beidh mí amháin ag an ngearánach ansin chun a iarraidh ar Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh an ghearáin. Tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir freagra ar an iarraidh ar athbhreithniú faoi cheann míosa.

*An tOmbudsman Eorpach*

Féadfar gearáin a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach freisin, i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le Reacht an Ombudsman Eorpaigh.

---

[3] Seoladh poist: Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, Aonad SG.C.2 'Eitic, Dea-Riarachán agus Caidreamh leis an Ombudsman Eorpach', Rue de la Loi/Wetstraat 200, 1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.
Seoladh ríomhphoist: SG-Code-de-bonne-conduite@ec.europa.eu
Foirm ghearáin ar líne: https://ec.europa.eu/assets/sg/administrative-conduct/complaints_ga/